

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH 2022

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC
(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Iompraíonn an t-alt nuachtáin, ‘Scéalta as Tír na nÓg,’ le Liam Ó Muirthile, teachtaireacht faoi thábhacht na scéalaíochta i saol an duine óig.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don alt mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)
2. “Scéal éadrom greannmhar é ‘M’Asal Beag Dubh,’ le Pádraic Ó Conaire.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Tionchar bhás linbh ar thuismitheoir is téama den dán ‘Ochón! A Dhonncha,’ le Pádraig Ó hÉigearthaigh.”
Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

OCHÓN! A DHONNCHA

Ochón! A Dhonncha, mo mhíle cogarach, fén bhfód so sínte;
Fód an doichill 'na luí ar do cholainn bhig, mo loma-sceimhle!
Dá mbeadh an codladh so i gCill na Dromad ort nó in uaigh san Iarthar
Mo bhrón do bhogfadh, cé gur mhór mo dhochar, is ní bheinn id' dhiaidh air.

Is feoite caite 'tá na blátha scaipeadh ar do leaba chaoilse;
Ba bhreá iad tamall ach thréig a dtaitneamh, níl snas ná brí iontu;
'S tá an bláth ba ghile liom dar fhás ar ithir riamh ná a fhásfaidh choíche
Ag dreo sa talamh, is go deo ní thacfaidh ag cur éirí croí orm.

Och a chumannaigh! nár mhór an scrupall é an t-uisce dod' luascadh,
Gan neart id' chuisleannaibh ná éinne i ngaire duit a thabharfadh fuarthan;
Scéal níor tugadh chugham ar bhaol mo linbh ná ar dhéine a chruatain-
Ó!'s go raghainn go fonnmhar ar dhoimhin-lic Ifrinn chun tú a fhuascailt.

Tá an ré go dorcha, ní fhéadaim codladh, do shéan gach só mé;
Garbh doilbh liom an Ghaeilge oscailte-is olc an comhartha é;
Fuath liom sealad i gcomhluadar carad, bíonn a ngreann dom' chiapadh;
Ón lá go bhfacasa go tláith ar an ngaíneamh thú níor gheal an ghrian dom.

Och, mo mhairg! Cad a dhéanfad feasta 's an saol dom' shuathadh,
gan do láimhín chailce mar leoithne i gcrannaibh ar mo mhalainn ghruama,
Do bhéilín meala mar cheol na n-aingeal go binn im' chluasaibh
Á rá go cneasta liom: 'Mo ghraidhn m'athair bocht, ná bíodh buairt ort!'

Ó, mo chaithis é! Is beag do cheapas-sa i dtráth mo dhóchais
Ná beadh an leanbh so 'na laoch mhear chalma i lár na fóirne,
A ghníomhartha gaisce 's a smaointe meanman ar son na Fódla-
Ach an Té do dhealbhaigh de chré ar an dtalamh sinn, ní mar sin d'ordaigh.

4. “An t-aitheantas atá tuillte ag na laochra a fuair bás ar son na tíre is téama den dán ‘Do M’Athair,’ le Caoimhín Ó Conghaile.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

DO M'ATHAIR

Luan Cásca, 1916

Ní thig liomsa cloch ná umha
Ná marmar plúrgheal
D'ardú chun do chuimhnese,
Ná fiú le ceol na mbuabhall
Aire an tslua
Do dhíriú ar d'íobairtse.
Dreonn gach leacht dá chruacht
Is don cheol ní buan
Ach ar uair a sheinte amháin;
Ach an fhad a bheidh saorfhir buach
Is é a sairse siúd do chuimhneachán.